An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

CISTE COBHSAITHE EARNÁIL NA GCOLÁISTÍ SAMHRAIDH

LEATHÁN EOLAIS AGUS CEISTEANNA COITIANTA

1. Luach agus príomhaidhm an chiste

Tá ciste cobhsaithe aon uaire do 2020 amháin ar chostas de thimpeall €4.73 milliún bunaithe ag an Roinn mar bheart éigeandála chun tacú le cobhsú earnáil na gcoláistí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht.

Faoin gciste cuirfear cúnamh airgid ar fáil do lucht stiúrtha na gcoláistí Gaeilge atá aitheanta cheana féin ag an Roinn chomh maith le teaghlaigh Ghaeltachta atá cáilithe agus aitheanta cheana féin faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge (SFG).

2. Príomh-shonraí airgeadais

Maidir leis na coláistí Gaeilge:

- Is é an ráta a bheidh iníoctha faoin mbeart ná suas le 15% de tháillí n na gcúrsaí nó €150 cibé acu is lú in aghaidh an scoláire in aghaidh an chúrsa.
- Tá an íocaíocht forchostais seo bunaithe ar iomlán na dtáillí cúrsa iníoctha i ndáil le scoláirí a bhí cláraithe le haghaidh cúrsaí roimh an 20 Aibreán 2020, an dáta a d'fhógair an RCOG go mbeadh cúrsaí ar ceal mar gheall ar COVID-19.

Maidir le teaghlaigh Ghaeltachta atá aitheanta faoi SFG:

- Is é an ráta caighdeánach a bheidh iníoctha ná suas le 40% den íocaíocht laethúil €10 a bhíonn iníoctha ag an Roinn[1] go hiondúil faoin scéim, ie €4 an scoláire in aghaidh na hoíche.
- Beidh iomlán na híocaíochta i leith gach teaghlach cáilithe bunaithe ar an líon iomlán scoláirí a d'fhan leis an teaghlach ó Aibreán go Lúnasa 2019 agus ar íocadh deontas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ina leith.

[1] Chomh maith leis an íocaíocht €10 ón RCOG, íocann na coláistí €10 eile ar a laghad do gach scoláire in aghaidh na hoíche.

3. Sampla ann faoi cad a chiallóidh sé seo i dtéarmaí airgeadais do na coláistí agus do na tithe araon

Sampla 1: coláiste a ghlac le 500 earláis/táille suas go dtí 20 Aibreán
Má tá coláiste tar éis glacadh le héarlaisí/táillí i leith 500 scoláire go dtí 20 Aibreán agus táille €900 i gceist leis na cúrsaí sin cuir i gcás, bheadh an coláiste sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar 15% den táille (uasmhéid €150) i leith gach scoláire faoin tionscnamh cobhsaithe mar seo a leanas:

€900 @ 15% = €135 x 500 scoláire = €67,500, bunaithe ar na coinníollacha éagsúla a bhaineann leis an mbeart a bheith comhlíonta mar is cuí.

Dá mbeadh táille €1,200 ar an gcúrsa, bheadh uasmhéid €150 i leith gach scoláire faoin tionscnamh cobhsaithe mar seo a leanas:

€1,200 @ 15% = €180 x uasmhéid €150 x 500 éarlais/táille = €75,000

Sampla 2: teaghlach le 12 scoláire ar feadh 8 seachtaine in 2019
Má choinnigh teaghlach Gaeltachta 12 scoláire in aghaidh an chúrsa thar thréimhse iomlán ocht seachtaine sa ghnáthbhealach in 2019 agus €6,720 dá réir faighte acu faoi SFG in 2019, bheadh siad i dteideal 40% nó €2,688 faoin mbeart seo coinníollach ar ndóigh ar na coinníollacha éagsúla a bhaineann leis an mbeart a bheith comhlíonta

2019: 12 scoláire x 7 oíche x 8 seachtaine x €10 = €6,720
2020: 12 scoláire x 7 oíche x 8 seachtaine x €10 @ 40% = €2,688

4. Coinníollacha

Maidir leis an íocaíocht a bhaineann leis coláistí Gaeilge:

1. Ní foláir d'aon choláiste a lorgaíonn cúnamh faoin gciste a bheith ag feidhmiú agus aitheanta dá réir faoi chóras na gcoláistí samhraidh in 2019 agus ag brath ar chúrsaí a eagrú in 2020.

2. Ní bheidh sé ceadmhach íocaíocht a lorg faoin gciste seo i ndáil le tuismitheoirí/scoláirí a roghnaíonn a n-éarlais/dtáille a aistriú i dtreo cúrsa in 2021 nó i dtreo cúrsa ar line de chuid an choláiste. Má roghnaíonn coláiste gan iarratas a dhéanamh faoin gciste is cúram é sin nach mbeidh aon bhaint ag an Roinn leis.

3. Ní foláir do gach coláiste a dhéanann éileamh faoin gciste seo na táillí agus/nó na héarlaisí uile a bhfuil iarratas ar chúiteamh á dhéanamh ina leith a aisíoc gan mhoill. Le dlús a chur le cumas na gcoláistí éarlais/táillí a aisíoc go pras, cuirfear suas le 50% den tsuim iomlán a cheaptar a bheith iníoctha faoin gciste ar fáil oiread is féidir, laistigh de choicís ón dáta a fhaightear foirm iarratais agus í comhlánaithe ina hiomlán.

4. Íocfar an fuílleach chomh luath is féidir tar éis don choláiste fianaise chuí (m.sh. ráiteas bainc) agus dearbhú ó chuntasóir cláraithe a chur ar fáil don Roinn le deimhniú go ndearnadh aisíoc ar na táillí a bhfuil cúnamh na Roinne á lorg ina leith. Ní foláir é seo a dhéanamh roimh **31 Lúnasa 2020** ar a dhéanaí.

5. Nótáil led thoil nach foláir an fhoirm iarratais a líonadh go leictreonach ach nach ndéanfar aon íocaíocht a phróiseáil ó aon choláiste nó go mbeidh cóip chrua, agus í sínithe ag beirt stiúrthóirí, faighte ag an Roinn.

6. Le gur féidir leis an Roinn cúram cuí a dhéanamh de riar an chiste rudaí iarrtar ar choláistí iarratas a dhéanamh ar chúnamh faoin gciste tráth nach déanaí ná **5:30 pm Dé Máirt 7 Iúil 2020.**

7. Beidh an Roinn i dteagmháil díreach leis na teaghlaigh ábhartha atá aitheanta faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge chun na socruithe a chur i bhfeidhm mar a bhaineann leis an íocaíocht faoin gciste a mbaineann leo. Oiread is féidir íocfar teaghlaigh le chéile ag brath ar cén coláiste lena mbaineann siad – mar a ndéantar de ghnáth. Ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sonraí in ord agus in eagar iarrfar ar gach coláiste a dhearbhú don Roinn go bhfuil an cúiteamh atá á lorg ag a gcuid teaghlaigh in ord agus chuige sin iarrtar ar na teaghlaigh a gcuid foirmeacha a sheoladh chuig an gcoláiste ar dtús agus go ndéanfaidh an coláiste iad a dhearbhú agus a chur faoi bhráid na Roinne go pras. Is ar an mbunús inter alia go mbeidh na coláistí sásta comhoibriú leis seo a bheidh an ciste riartha.

8. Maidir leis na coláistí cónaithe, is é an ráta caighdeánach a bheidh iníoctha i leith lóistín ná suas le 40% den íocaíocht laethúil a bhíonn iníoctha ag an Roinn go hiondúil faoin scéim (ie €5 an scoláire) agus dá réir íocfar suas le €2 an scoláire an oíche do na coláistí cónaithe atá aitheanta ag an Roinn, bunaithe ar líon na scoláirí a bhí cláraithe acu le haghaidh cúrsaí cónaithe suas go dtí 20 Aibreán 2020. Úsáidtear an fhoirm iarratais thuas luaite i leith an éilimh seo.

Maidir leis na teaghlaigh Ghaeltachta

1. Is é an ráta caighdeánach a bheidh iníoctha ná suas le 40% den íocaíocht laethúil €10 a bhíonn iníoctha ag an Roinn[2] go hiondúil faoin scéim, ie €4 an scoláire in aghaidh na hoíche. Beidh iomlán na híocaíochta i leith gach teaghlach cáilithe bunaithe ar an líon iomlán scoláirí a d'fhan leis an teaghlach ó Aibreán go Lúnasa 2019 agus ar íocadh deontas faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ina leith.

2. Le gur féidir leis an Roinn cúram cuí a dhéanamh de riar an chiste iarrtar ar theaghlaigh iarratas a dhéanamh ar an gciste seo trí fhoirm iarratais a sheoladh chuig an gcoláiste lena mbaineann siad tráth nach déanaí ná **Dé Máirt 14 Iúil 2020**. Déanfaidh gach coláiste na hiarratais óna gcuid teaghlaigh a dhearbhú agus a chur faoi bhráid na Roinne tráth nach déanaí ná **Dé Máirt 21 Iúil 2020**.

3. Nótáil led thoil nach foláir an fhoirm iarratais a líonadh go leictreonach más féidir ach cóip chrua agus í sínithe a sheoladh chuig an gcoláiste le dearbhú. Ní dhéanfar aon íocaíocht a phróiseáil nó go mbeidh cóip chrua den fhoirm agus í sínithe go cuí faighte ag an Roinn.

[2] Chomh maith leis an íocaíocht €10 ón RCOG, is iondúil go n-íocann na coláistí €10 eile ar a laghad do gach scoláire in aghaidh na hoíche.

4. Má bhíonn foghlaimeoirí Gaeilge ag teaghlach i leith níos mó ná Coláiste amháin, is leor an fhoirm a sheoladh chuig coláiste amháin. Ní gá níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh.

5. Dóibh siúd nach raibh páirteach sa Scéim in 2019, is féidir iarratas a dhéanamh agus beidh an íocaíocht bunaithe ar an líon foghlaimeoirí a bhí i gceist ag an gcoláiste a chur ar iostas leat in 2020. Déanfaidh an Coláiste é seo a dheimhniú don Roinn. Ní thugtar aitheantas i leith bliana d'aon teaghlach nua a bhfaightear iarratas ar aitheantas uathu tar éis 1 Aibreán na bliana sin. Dóibh siúd a raibh foghlaimeoirí Gaeilge le bheith ar iostas leo den chéad uair in 2020, is féidir an fhoirm SFG7 a líonadh chomh maith ach teagmháil a dhéanamh leis an Roinn.

6. Déanfar íocaíocht faoin mbeart seo ach iarratas a dhéanamh tríd an bhfoirm chuí a líonadh agus dearbhú a thabhairt go bhfuil i gceist ag an teaghlach fanacht sa scéim agus foghlaimeoirí Gaeilge a bheith ar iostas acu in 2021 (oiread is féidir é sin a dhearbhú sna tosca reatha).

Coinníollacha Ginearálta – Coláistí agus teaghlaigh

1. Is ag úsáid foirmeacha iarratais na Roinne amháin - nach foláir a bheith comhlánaithe agus sínithe go cuí – a ndéanfar an ciste a riar mar a bhaineann sé leis na teaghlaigh agus leis na coláistí araon. Ní ghlacfar le hiarratas ar aon bhealach eile. I gcás foirm iarratais nach bhfuil comhlánaithe in iomlán, is baolach go seolfaí ar ais chuig an gcoláiste/teaghlach í agus go gcuirfear moill ar phróiseáil an iarratais dá réir.

2. I gcás nach bhfuil an Roinn sásta go bhfuil coinníollacha a bhaineann leis an gciste á gcomhlíonadh/comhlíonta, coinnítear an ceart tuilleadh eolas a lorg agus/nó an deontas nó cuid de a chur ar ceal nó a choinneáil siar/nó a lorg ar ais agus ní bheidh aon dliteanas ar an Roinn i leith aon chaillteanas má dhéantar a leithéid.

3. Ní bheidh an Roinn freagrach as aon chostas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh.

4. I gcás nach bhfuiltear sásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné faoi leith a bhaineann le reáchtáil an chiste seo, is féidir achomharc a lorg ach scríobh chuig:

   An tArd-Rúnaí
   An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
   23 Sráid Chill Dara
   Baile Átha Cliath 2
   D02 TD30.

5. Is ag an Aire Stáit sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheidh an bhreith chríochnaitheach maidir le gach ní a bhaineann leis an gciste seo.

5. Conas is féidir iarratas a dhéanamh ar íocaíocht faoin gciste?

Maidir leis na coláistí Gaeilge

Ní foláir an fhoirm iarratais a líonadh go leictreonach a sheoladh chuig an seoladh colaistígaeilge@chg.gov.ie tráth nach déanaí ná **5:30pm Dé Máirt 7 Iúil 2020** ach tabhair faoi deara nach ndéanfar aon íocaíocht a phróiseáil ó aon choláiste nó go mbeidh cóip chrua, agus í sínithe ag beirt stiúrthóirí, faighte ag an Roinn.

Maidir leis na teaghlaigh cháilithe:

Ní foláir an fhoirm iarratais a líonadh go leictreonach más féidir ach cóip chrua agus í sínithe a sheoladh **chuig an gcoláiste** le dearbhú tráth nach déanaí ná **5:30pm Dé Máirt 14 Iúil 2020**. Déanfaidh gach coláiste na hiarratais óna gcuid teaghlaigh a dhearbhú agus a chur faoi bhráid na Roinne tráth nach déanaí ná **Dé Máirt 21 Iúil 2020**. Ní dhéanfar aon íocaíocht a phróiseáil nó go mbeidh cóip chrua den fhoirm, agus í sínithe go cuí, faighte ag an Roinn ón gColáiste.

Tá fáil ar chóip den leathán eolais seo agus na foirmeacha iarratais i leith an chiste ar:
https://www.chg.gov.ie/ga/earnail-na-gcolaisti-gaeilge/
nó ó :
Rannóg na gColáistí Gaeilge
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltacta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 KX39
☎ 091 503769
✉ colaistigaeilge@chg.gov.ie

Tá fáil ar thuilleadh eolais faoi chúlra an chiste ag:
https://www.chg.gov.ie/ga/minister-of-state-sean-kyne-announces-e4-7m-stability-fund-for-the-irish-summer-colleges-sector/

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht